

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
Department of Culture, Communications and Sport

Shared Island Initiative

# Pobail Ildánacha ar Oileán Comhroinnte

**Comhpháirtíochtaí na nÚdarás Áitiúil le hEagraíochtaí Ildánacha agus Pobail**

**2026–2028**

# Comhpháirtíochtaí na nÚdarás Áitiúil le hEagraíochtaí Ildánacha agus Pobail 2026–2028

| **Tráthchlár** | |
|---|---|
| lár 2026 ⟷ | Samhain 2028 |
| **Maoiniú** | |
| Snáithe 1 | **€750,000** san iomlán |
| Snáithe 2 | **€600,000** san iomlán |
| Snáithe 3 | **€250,000** san iomlán |




Artist Farm Walk.
*Photo: Brian Farrell*




# Cé atá ag eagrú na gairme deontais seo?

## Is clár cultúir agus folláine uilerialtais é Clár Éire Ildánach atá lonnaithe sa Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus tá sé d'uaillmhian aige daoine, áiteanna agus pobail a spreagadh agus a athrú ó bhonn trí chruthaitheacht.

Táimid tiomanta don fhís gur cheart go mbeadh deis ag gach uile dhuine teacht in inmhe go hiomlán ó thaobh cruthaitheachta de.

Is iad seo a leanas na spriocanna straitéiseacha atá againn:

— Pobal cleachtais agus rannpháirtíochta a bhunú
— Tuiscint ar luach na cruthaitheachta a chur chun cinn
— Tionchar a thomhas agus fianaise a fhorbairt
— Cruthaitheacht a leabú i mbeartas poiblí

Tá 5 Phríomhchuid i gClár Éire Ildánach

1. Óige Ildánach
2. Pobail Ildánacha
3. Sláinte agus Folláine Ildánach
4. Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide
5. Tionscail Ildánacha

The Ties That Bind Project.
*Photo: Emilija Jefremova*

# Cad é atá i gceist le Pobail Ildánacha?

## Is tionscnamh comhpháirtíochta é Pobail Ildánacha idir Clár Éire Ildánach agus 31 údarás áitiúil na hÉireann, le tacaíocht ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Baineann phríomhchuid na bPobal Ildánach laistigh de Chlár Éire Ildánach leas as acmhainneacht na n-údarás áitiúil chun an chruthaitheacht a úsáid mar straitéis don fholláine, don chomhtháthú sóisialta agus don rath eacnamaíoch.

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta ag gach údarás áitiúil, faoi stiúir Stiúrthóir Seirbhíse, a chuireann tionscnamh na bPobal Ildánach ar fáil ina gceantar. Is í an fhoireann sin bunchloch na bPobal Ildánach toisc go dtugtar saineolas le chéile ó gach cuid den údarás áitiúil ar fad.

## Cad é Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte agus conas a nascann sé le Pobail Ildánacha?

Tá sé d'aidhm ag tionscnamh Oileán Comhroinnte an Rialtais leas a bhaint as cumas iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta chun comhoibriú, caidreamh agus comhthuiscint a fheabhsú ar an oileán agus dul i mbun rannpháirtíochta le gach pobal agus traidisiún le teacht ar chomhaontú maidir le todhchaí chomhroinnte.

Is iad seo a leanas cuspóirí thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte/Éire Ildánach:

1. Daoine a cheangal lena chéile agus pobail a cheangal lena chéile. Cultúr agus cruthaitheacht a úsáid - go nuálach agus go comhoibríoch - mar straitéis maidir le folláine, nasc sóisialta, nó forbairt eacnamaíoch áitiúil;
2. Cur ar chumas pobail, a bhíonn ag obair le healaíontóirí agus leis na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha i gcoitinne, taithí a fháil ar an gcruthaitheacht trí lionsa a gcomhghleacaithe, agus soghluaisteacht daoine ar fud an oileáin a chinntiú;
3. Tuiscint phobail agus shibhialta níos leithne a fheabhsú ar luach an chomhaontaithe i measc pobail i dtodhchaí chomhroinnte, trí lionsa na rannpháirtíochta cultúrtha agus cruthaithí;
4. A chinntiú go ndéantar tionscnaimh a phleanáil go comhoibríoch ar bhonn oileán comhroinnte, chun oidhreacht inláimhsithe agus inbhuanaithe a chinntiú amach anseo.



Birds of a Feather project.
*Photo: Emilija Jefremova*

## Éachtaí roimhe seo – Pobail Ildánacha ar Oileán Comhroinnte 2024-2025

Tugtar mionsonraí ar na chéad deontais d'Oileán Comhroinnte Éire Ildánach ar fiú €850,000 san iomlán iad anseo. Chuir siad ar chumas comhpháirtíochtaí idir údaráis áitiúla, eagraíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha, agus grúpaí pobail ar fud oileán na hÉireann tionscadail a chomhdhearadh agus a sheachadadh.

Léiríonn an fhianaise a bailíodh go dtí seo an chaoi a bhfeidhmíonn an chruthaitheacht mar uirlis chumhachtach agus ilghnéitheach le haghaidh idirphlé trí spásanna sábháilte, inrochtana agus neamhionsaitheacha a chruthú inar féidir le grúpaí éagsúla ceangal a dhéanamh, eispéiris a roinnt, agus comhthuiscint a fhorbairt.

Tógann an scéim seo um **Phobail Ildánacha ar Oileán Comhroinnte** ar an taithí sin agus ar shaineolas uaillmhianta straitéiseacha reatha na n-údarás áitiúil thuaidh-theas agus thoir-thiar (Éire-an Bhreatain) agus forbraíonn sí iad ina líonra comhoibríoch ar fud oileán na hÉireann chun cruthaitheacht dhúchasach gach duine atá ina gcónaí ar oileán na hÉireann a aithint agus a úsáid. Cuirimid fáilte roimh thograí a dhíríonn ar an tionscnamh nua Shared Home Place.



Duncairn Creative Collective
*Photo: Stanislav Nikolov*

# Cad atá i gceist le cruthaitheacht?

Tá inniúlacht atá sa duine ó nádúr i gceist leis an gcruthaitheacht chomh maith le scileanna a fhoghlaimítear. Tá an acmhainneacht ag an uile dhuine ó thaobh rannpháirtíochta agus léiriú cruthaitheachta; agus is ionann an taithí sin agus gníomh sástachta pearsanta. Cumas daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus noirm a nglactar leo a shárú agus, trí tharraingt ar an tsamhlaíocht, smaointe nua a chruthú a thugann luach breise do ghníomhaíocht dhaonna.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i measc na réimsí gníomhaíochta ábhartha, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Beochan
- Ailtireacht
- Réaltacht mhéadaithe agus fhíorúil
- Sorcas
- Códú
- Teicneolaíocht Dhigiteach Chruthaitheach
- Scríbhneoireacht chruthaitheach
- Greann
- Oidhreacht chultúrtha
- Damhsa (gach seánra)
- Dearadh (gach disciplín)
- Cluichí digiteacha
- Faisean
- Scannánaíocht
- Litríocht
- Na healaíona ildisciplíneacha
- Múrphictiúir
- Ceol (gach seánra)
- Podchraoladh
- Ealaín Sráide & Seónna
- Scéalaíocht
- Amharclannaíocht
- Na healaíona traidisiúnta
- Amharcealaíona

Is féidir le tionscadail úsáid a bhaint as réimse disciplíní/foirmeacha ealaíne cruthaitheacha éagsúla le linn a saolré.

# Cé ar féidir leo iarratas a dhéanamh?

Cuireann Clár Éire Ildánach fáilte roimh iarratais ó fhoirne Cultúir agus Cruthaitheachta na n-údarás áitiúil in Éirinn a oibríonn i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí pobail áitiúla nó náisiúnta, cultúrtha agus cruthaitheacha i gcomhar le comhpháirtithe Thuaidh-Theas agus/nó Thoir/Thiar (Éire-an Bhreatain).

Ní mór gur Údarás Áitiúil atá lonnaithe in Éirinn an príomhiarratasóir. Tá fáilte roimh iarratais Thoir/Thiar (i.e. Sasana, Albain agus an Bhreatain Bheag) chomh maith le Thuaidh/Theas. Ba chóir go gcinnteodh iarratais go roinntear an maoiniú go cothrom le comhpháirtithe a bhfuil gníomhaíocht fhiúntach acu le comhpháirtithe Thuaidh-Theas agus/nó Thoir/Thiar (Éire-an Bhreatain).

Is féidir leis na comhpháirtithe seo a bheith san áireamh:

- Institiúidí nó eagraíochtaí cultúir agus ealaíon
- Comharghrúpaí, líonraí agus eagraíochtaí cruthaitheachta lena n-áirítear líonraí uile-oileáin
- Comhlachtaí earnála poiblí lena n-áirítear údaráis áitiúla i dTuaisceart Éireann nó líonraí seanbhunaithe
- Carthanachtaí nó eagraíochtaí neamhbhrabúis
- Fiontair shóisialta
- Líonraí agus grúpaí pobail
- Cuideachtaí tráchtála gnó
- Comhlachtaí taighde agus daonchairdis lena n-áirítear ollscoileanna
- Pobail áite **agus** pobail chleachtais
- Daoine aonair le húdarás áitiúil (i Snáithe 3 amháin)

# Cad atá á lorg againn?

Ba cheart go mbainfeadh na tograí na cuspóirí thíos amach trí thógáil ar líonraí nó ar chaidreamh na n-údarás áitiúil atá ann cheana, nó trína bheith nuálaíoch chun comhoibrithe nua pobail/cruthaitheacha faoi stiúir na n-údarás áitiúil a chruthú:

— Daoine a cheangal lena chéile agus pobail a cheangal lena chéile. Cultúr agus cruthaitheacht a úsáid - go nuálach agus go comhoibríoch
— A chur ar chumas pobail, a bhíonn ag obair le healaíontóirí agus leis na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha i gcoitinne (féach an sainmhíniú níos déanaí sa cháipéis), taithí a fháil ar an gcruthaitheacht trí lionsa a gcomhghleacaithe, agus soghluaisteacht daoine ar fud an oileáin a chinntiú;
— Tuiscint phobail agus shibhialta níos leithne a fheabhsú ar luach an chomhaontaithe i measc pobail i dtodhchaí chomhroinnte, trí lionsa na rannpháirtíochta cultúrtha agus cruthaithí;
— A chinntiú go ndéantar tionscnaimh a phleanáil go comhoibríoch ar bhonn oileán comhroinnte, chun oidhreacht inláimhsithe agus inbhuanaithe a chinntiú amach anseo.

Ba mhaith linn tionscadail chruthaitheacha a fheiceáil a chuirfidh feabhas ar chomhar agus ar chomhoibriú idir pobail áite agus nó cleachtais, ag aithint go bhfuil cultúr agus cruthaitheacht riachtanach chun pobail bheoga a chothú agus a fhorbairt.

### Prionsabail agus Luachanna

Ba cheart prionsabail agus luachanna **na bPobal Ildánach** a úsáid mar phointe tagartha chun coincheapa tionscadail a fhorbairt:

i Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).

ii Cultúr agus cruthaitheacht a úsáid mar chatalaíoch don chomhoibriú agus don nuálaíocht.

iii An cumas atá ag Údaráis Áitiúla i dtaobh cultúr agus cruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud chomhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna bríomhara, cruthaitheacha agus inbhuanaithe a fhorbairt.

iv Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil - idir áitiúil agus réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v Tógáil ar lúth agus ar chur chuige comhtháite na bhFoirne Cultúir agus Cruthaitheachta in Údaráis Áitiúla chun seachadadh breise clár comhoibríoch spriocdhírithe a chothú.

# Maoiniú

Tá trí shnáithe maoinithe ar fáil le linn thréimhse 2026-2027. Is féidir le húdaráis áitiúla in Éirinn iarratas a dhéanamh faoi na trí shnáithe:

**Snáithe 1**
Bronnfar maoiniú deontais suas le €250,000 an ceann ar uasmhéid de chúig thogra ar mhórscála. Bronnfar deontas amháin ar a laghad ar chomhpháirtíocht a bhaineann go sonrach leis an réigiún teorann (i.e. ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na húdaráis áitiúla seo a leanas páirteach: Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, an Cabhán, Muineachán agus Lú). Breithneofar iarratas amháin i Snáithe 1 do gach príomhúdarás áitiúil, ach d'fhéadfaí tú a chur san áireamh mar chuid de chomhoibriú faoi stiúir údaráis áitiúil eile.

**Snáithe 2**
Tá tograí á lorg le haghaidh suas le cúig thionscadal meánscála. Tá maoiniú deontais suas le luach €150,000 ar fáil d'údaráis áitiúla aonair in Éirinn. Is féidir dhá iarratas faoi stiúir údaráis áitiúla a chur isteach; *d'fhéadfaí tú a chur san áireamh mar chuid de chomhoibriú faoi stiúir údarás áitiúil eile.*

**Snáithe 3**
Tá cúig dhámhachtain de €50,000 ar fáil do thionscadail ar scála beag. Breithneofar uasmhéid de 2 iarratas le haghaidh gach príomhúdarás áitiúil; *D'fhéadfaí tú a chur san áireamh mar chuid de chomhoibriú faoi stiúir údarás áitiúil eile.*

Is é Bealtaine 2026 go Samhain 2028 an t-achar ama chun an tionscadal a sheachadadh.

**Cén chaoi a ndéanfar maoiniú a leithdháileadh agus a riar?**

Tairgfear maoiniú d'údaráis áitiúla chun é a riaradh faoin gComhaontú Leibhéal Seirbhíse 5 bliana atá ann faoi láthair agus cuirfear aschuir shonracha le haguisín a ghabhann leis an gComhaontú Leibhéal Seirbhíse.

Déantar Clár Éire Ildánach a riar tríd an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Ní mór do riarachán an deontais cloí le Ciorclán 13/2014 - Bainistiú agus Cuntasacht i leith Deontais ó Chistí an Státchiste. Ba chóir do dheontaithe an ciorclán seo a léamh agus eolas a chur air sula dtosóidh siad.

# Conas Iarratas a dhéanamh ar líne

- Is féidir iarratais a dhéanamh tríd an bhfoirm iarratais ar líne a chomhlánú ag submit.com **tráth nach déanaí ná 1pm, Dé hAoine an 27 Feabhra.**
- Déanfar na sonraí pearsanta go léir a chuireann tú chugainn mar chuid den phróiseas iarratais a phróiseáil de réir Pholasaí Phríobháideachais na Roinne.
- TABHAIR AR AIRD: Ní chuirfear an méid seo thíos san áireamh:
  - Iarratais a fuarthas tar éis an spriocdháta thuas
  - Iarratas a chuirtear isteach tríd an bpost, trí ríomhphost, de láimh nó le cúiréir
  - Iarratais a bhfuil stádas 'dréacht' orthu ar an dáta agus an t-am deiridh

**Úsáid a bhaint as an tairseach iarratais:**

- Cuirfear soiléirithe agus faisnéis bhreise ar fáil ar an tairseach iarratais.
- Is féidir d'fhoirm iarratais a shábháil i ndréacht ar an tairseach ar líne agus teacht ar ais chuici níos déanaí.
- Más gá duit imeacht ó do leathanach reatha, déan cinnte go bhfuil do dhul chun cinn sábháilte agat.
- Nuair a chuirfear isteach é, gheobhaidh tú ríomhphost ag cur in iúl go bhfuil d'iarratas faighte.

# Critéir Roghnaithe

Déanfaidh painéal meastóireachta measúnú ar na hiarratais agus déanfaidh siad measúnú orthu de réir na gcritéar thíos. Is ciste iomaíoch atá i gceist anseo, agus táimid ag súil líon ard iarratas atá ar ardchaighdeán a fháil. Faraor, ní bheidh sé ar ár gcumas maoiniú a dhéanamh ar gach tionscadal a fhaighimid.

Is mian linn clár cothrom a chur le chéile le hionadaíocht ó gach cearn den oileán. Táimid ag lorg tionscadail nach dócha go bhfaighidh siad maoiniú faoi scéimeanna eile nó táimid ag iarraidh tacú le tionscadail atá á dtiomáint ag cur chuige cruthaitheach agus cultúrtha, le comhpháirtithe láidre cruthaitheacha a shroicheann aidhmeanna thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte.

Ní mór d'iarratais sonraí an dá chomhpháirtí trasteorann a sholáthar agus a leagan amach conas a neartóidh comhoibriú idir na comhpháirtithe sin comhoibriú Thuaidh Theas, nó Thoir Thiar.

| Critéar | Marcanna ar Fáil |
|---|---|
| Rannpháirtíocht agus oidhreacht ó phobal go pobal | 50 |
| Cur Chuige Cruthaitheach agus Cultúrtha | 50 |
| Comhpháirtithe agus Foireann Tionscadail | 50 |
| Plean Meastóireachta | 15 |
| An tionscadal foriomlán agus a aidhmeanna | 15 |
| Féidearthacht | 20 |
| **Iomlán** | **200** |

# Dátaí Tábhachtacha

| Tréimhse | Mionsonraí | Dáta |
|---|---|---|
| **Osclófar an Ciste le haghaidh Iarratais** | Beidh an tairseach d'iarratais ar líne oscailte le haghaidh aighneachtaí. | 1 Nollaig |
| **Seisiún Líonraithe Pearsanta** | Reáchtálfar dhá sheisiún gréasánaíochta i bpearsa chun léargas a thabhairt ar an maoiniú atá ar fáil. Tabharfaidh sé seo deis d'iarrthóirí atá ag meas iarratas ar mhaoiniú a dhéanamh i gcomhar le páirtí eile ceisteanna a chur.<br><br>Béal Feirste:<br>Seisiún eolais maidir le deontais Éire Ildánach<br><br>Baile Átha Cliath<br>Seisiún eolais maidir le deontais Éire Ildánach | Béal Feirste: 14 Eanáir 2026, The MAC<br><br>BÁC: 22 Eanáir 2026, Óstán Radisson Blu Royal |
| **Soiléiriú** | Is féidir ceisteanna a sheoladh trí ríomhphost chuig creativecommunities@ccs.gov.ie. Bain úsáid as an gceannteideal ábhair **'Pobail Ildánacha ar Oileán Comhroinnte'**. Déanfaimid ár ndícheall na Ceisteanna Coitianta ar an tairseach iarratais a nuashonrú de réir mar a thagann ceisteanna isteach, ach déanfar gach soiléiriú deiridh faoin dáta seo. | Eanáir–Feabhra |
| **Dáta Deiridh Iarratais don Chiste** | Ní bhreithneofar ach iarratais a fhaightear roimh 1.00pm ar an dáta seo. | Dé hAoine an 27 Feabhra |
| **Meastóireacht ar Iarratais** | Déanfaidh an painéal meastóireachta, lena n-áirítear ionadaithe ó Chlár Éire Ildánach agus ó Aonad an Oileáin Chomhroinnte, mar aon le saineolaithe neamhspleácha, meastóireacht ar iarratais de réir na gcritéar thuas. | Márta–Aibreán 2026 |
| **Iarratasóirí a chur ar an eolas** | Cuirtear toradh a n-iarratas in iúl do gach iarratasóir. | Bealtaine 2026 |



Artist Farm Walk
*Photo: Brian Farrell*

# Cúrsaí Buiséid

Agus buiséad an tionscadail á chruthú agat, déan cinnte go bhfuil táillí aonair agus buiséid tionscadail pléite agat le comhpháirtithe. Táimid ag súil go n-aontóidh gach ball d'Fhoirne Tionscadail ar an mbuiséad sula leithdháilfear maoiniú ó Éire Ildánach. Moltar smaoineamh ar na nithe seo a leanas:

- Bainistíocht Tionscadail – I gcás Shnáithe A agus Shnáithe B, is gá bainisteoir tionscadail a fhostú. Ba cheart go gcumhdódh costais ghaolmhara riaracháin (mar shampla chun bainistíocht tionscadail agus/nó riarachán airgeadais a chumhdach), chomh maith le haon ranníocaíocht i leith forchostais nó costais réasúnta eile a theastaíonn chun an tionscadal a sheachadadh.
- Luach saothair – Tá buiséad atá trédhearcach agus iomaíoch á lorg againn a íocann daoine aonair agus eagraíochtaí as a gcuid ama i gceart. Ba cheart go mbeadh na táillí d'ealaíontóirí ag teacht le treoirlínte aitheanta tionscail (féach ar an bhfaisnéis ón gComhairle Ealaíon maidir le luach saothair agus conraitheoireacht d'ealaíontóirí)
- Ábhar – Tá suim againn tacú le réitigh ísealcharbóin agus le cleachtas atá neamhdhíobhálach don timpeallacht agus an tionscadal á phleanáil agus á sheachadadh, chomh maith le do roghanna comhpháirtithe agus soláthróirí.
- Mar gheall ar an bhfoghlaim thábhachtach a thiocfaidh chun cinn ó na tionscadail seo, aithnímid go mbeidh costas ag baint le **meastóireacht** agus tuairisciú tionscadail agus dá bhrí sin is féidir iad a chur san áireamh.
- Is costais incháilithe iad costais chumarsáide agus rannpháirtíochta agus ba cheart go mbeadh siad mar chuid de bhuiséad an mhaoinithe seo.
- Aithnímid go mbeidh costais bhreise i gceist le tionscadail an Oileáin Chomhroinnte d'fhoirne tionscadail agus do rannpháirtithe an tionscadail chun taisteal agus fanacht thar oíche mar chuid den tionscadal. Caithfear buiséadú a dhéanamh air sin ag céim an iarratais.

### D'fhéadfadh na costais eile seo a bheith i gceist

- Costais chun gach imeacht pobail oileáin/trasteorann a thionól
- Costais dhoiciméadúcháin agus mheastóireachta
- Líonrú agus/nó taispeáint tionscnamh ar bronnadh maoiniú orthu

### Costais Neamh-Incháilithe

Tabhair faoi deara go n-áirítear an méid seo a leanas le caiteachas neamh-incháilithe:

- Costais nach mbaineann go díreach leis an tionscadal
- Costais siarghabhálacha, m.sh., caiteachas a tharla roimh dháta ceadaithe an tionscadail
- Iarratais chaipitiúla ar mhaithe le feabhsúcháin tógála ar spásanna agus ar ionaid oibre
- Comhdhálacha aonair
- Tionscadail óige*

*Tá Ciste um Chothú Óige Ildánach (2026-2028) ag tacú le leanaí agus le daoine óga.



# Chun iarratas a dhéanamh

Is féidir iarratais a dhéanamh tríd an bhfoirm iarratais ar líne a chomhlánú ag submit.com.
Dúnfar an tairseach ag 1pm Dé hAoine 27 Feabhra 2026. Ba chóir ceisteanna a sheoladh chuig: creativecommunities@ccs.gov.ie

**Bheimis buíoch dá bhféadfá 'Pobail Ildánacha ar Oileán Comhroinnte' a chur i dteideal ábhair an ríomhphoist ionas gur féidir linn do cheist a dhíriú.**

Birds of a Feather Project
*Photo: Emilija Jefremova*

# Aguisín 1

## Doiciméid ábhartha maidir leis an Oileán Comhroinnte chun críocha tagartha

**Rialtas na hÉireann:**

- Tuarascáil Measúnachta Éire Ildánach Oileán Comhroinnte
- Shared Homeplace
- Tuarascáil ar Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte 2024 - Gníomhaíocht ar Oileán Comhroinnte
- Comhoibriú ar Chúram Sláinte ar bhonn Uile-Oileáin: Staidéar Scóipe
- Ráiteas Torthaí Fhóram Óige an Oileáin Chomhroinnte
- Tuarascáil ar Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte 2022 - Gníomhaíocht maidir le Todhchaí Chomhroinnte

**An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta:**

- Oileán Comhroinnte; Deis Chomhroinnte: Tuarascáil Chuimsitheach NESC Tuarascáil Uimh. 157 ón gComhairle, Aibreán 2022

**ESRI**

- An tOileán á Roinnt: Dúshláin agus deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta: Fianaise ó chlár taighde ESRI

**Comhairle Contae an Chabháin agus Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath:**

- Meastóireacht ar luach sóisialta Thionscadal Sláinte agus Folláine Éire Ildánach – Ealaín na Beatha in Iris Idirnáisiúnta um Thaighde Altranais agus Cúram Sláinte
- Acmhainn a Fhorbairt do na Tionscail Chultúrtha: I dTreo Cur Chuige Comhroinnte Oileáin don Damhsa agus don Amharclannaíocht

**Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin:**

- Forbairt Lucht Féachana Comhoibríoch

**iCommunity - Fís chun aghaidh a thabhairt ar Dhúshláin ar ár nOileán Comhroinnte:**

- An Earnáil Phobail agus Dheonach

**Todhchaí an chomhair trasteorann sna healaíona:**

- Treoir Eolais Beartais agus Achoimre Feidhmiúcháin



Shared Histories: Diverse Views Project.
*Photo: Photo Museum Ireland.*

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland*
*Programme*

An Roinn Cultúir,
Cumarsáide agus Spóirt
Department of Culture,
Communications and Sport

Shared Island
Initiative


**Clár Éire Ildánach**
An Roinn Cultúir, Cumarsáide
agus Spóirt

—

Lána Líosain,
Baile Átha Cliath 2.
D02 R5Y3

—

**@CreativeIrl**
**creative-ireland**
**@creativeireland**

—

creativeireland@ccs.gov.ie

**creativeireland@ccs.gov.ie**

**#SharedIsland**


**Cover Image::**
Birds of a Feather Project
*Photo: Emilija Jefremova*